# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/629 ÓN gCOIMISIÚN

**an 4 Samhain 2020**

**lena leasaítear Rialacháin Tharmligthe (AE) Uimh. 532/2014 agus (AE) Uimh. 1255/2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí, a mhéid a bhaineann leis na ceanglais íosta mhionsonraithe chun críoch iniúchóireachta agus leis na sonraí a thaifeadfar agus a stórálfar**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(6) agus Airteagal 32(8) agus (9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 223/2014, beidh an Coimisiún in ann gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar a ghnéithe neamhriachtanacha maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí ("CCEDD").

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 532/2014 ón gCoimisiún ([2]), déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) Uimh. 223/2014, a mhéid a bhaineann leis na ceanglais íosta mhionsonraithe ar an rian iniúchóireachta agus le liosta na sonraí a dhéanfaidh an t-údarás bainistíochta a thaifeadadh agus a stóráil sa chóras maidir le gach oibríocht is gá chun faireachán, meastóireacht, bainistíocht airgeadais, fíorú agus iniúchadh a dhéanamh.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1255/2014 ón gCoimisiún ([3]), déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 trí inneachar na dtuarascálacha cur chun feidhme bliantúla agus deiridh a leagan síos, lena n-áirítear liosta na dtáscairí coiteanna.

(4) Le Rialachán (AE) 2020/559 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha a thabhairt isteach chun dul i ngleic le ráig COVID-19. Go háirithe, le Rialachán (AE) 2020/559 tugadh isteach an fhéidearthacht do na Ballstáit bia nó cúnamh ábhartha bunúsach nó an dá rud a sholáthar do na daoine is díothaí go hindíreach, amhail trí dhearbháin, cártaí nó ionstraimí eile.

(5) Baineann dúshláin shonracha cur chun feidhme le bia agus cúnamh ábhartha bunúsach a sholáthar go hindíreach trí dhearbháin, cártaí nó ionstraimí eile, i gcomparáid le cásanna ina soláthraítear an cúnamh sin go díreach do na daoine is díothaí. Is iomchuí, dá réir sin, foráil a dhéanamh maidir le forálacha sonracha le haghaidh na scéimeanna lena ndéantar cúnamh a sholáthar go díreach a mhéid a bhaineann leis na ceanglais íosta mhionsonraithe ar an rian iniúchóireachta, ar mhaithe le coigeartú a dhéanamh ar liosta na sonraí a dhéanfaidh an t-údarás bainistíochta a thaifeadadh agus a stóráil sa chóras maidir le gach oibríocht is gá chun faireachán, meastóireacht, bainistíocht airgeadais, fíorú agus iniúchadh a dhéanamh agus ar mhaithe le coigeartú a dhéanamh ar liosta na dtáscairí a thuairisceoidh an t-údarás bainistíochta.

(6) Chun rioscaí neamhrialtachtaí agus calaoise níos airde a mhaolú i gcás ina soláthrófar bia nó cúnamh ábhartha bunúsach nó an dá rud trí dhearbháin nó cártaí i bhfoirm páipéir, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le ceanglais íosta bhreise ar an rian iniúchóireachta sa chás sin.

([1]) IO L 72, 12.3.2014, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 532/2014 ón gCoimisiún an 13 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (IO L 148, 20.5.2014, lch. 54).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1255/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí trí inneachar na dtuarascálacha cur chun feidhme bliantúla agus deiridh a leagan síos, lena n-áirítear liosta na dtáscairí coiteanna (IO L 337, 25.11.2014, lch. 46).

([4]) Rialachán (AE) 2020/559 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha a thabhairt isteach chun dul i ngleic le ráig COVID-19 (IO L 130, 24.4.2020, lch. 7).

(7) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, bearta arb é is aidhm dóibh neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin Tharmligthe (AE) Uimh. 532/2014 agus (AE) Uimh. 1255/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 532/2014 mar a leanas:

(1) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

*"Airteagal 3a*

Ceanglais íosta mhionsonraithe ar an rian iniúchóireachta le haghaidh cabhair a sholáthraítear go hindíreach do na daoine is díothaí, amhail trí dhearbháin, cártaí nó ionstraimí eile

(Airteagal 32(9) de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014)

1. Sa bhreis ar na ceanglais íosta mhionsonraithe ar an rian iniúchóireachta a leagtar amach in Airteagal 3, leis an rian iniúchóireachta le haghaidh oibríochtaí a sholáthraíonn bia nó cúnamh nó an dá rud do na daoine is díothaí, trí dhearbháin, cártaí, nó ionstraimí eile i gcomhréir le hAirteagal 23(4a) de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014, déanfar an méid seo a leanas:

(a) beifear in ann líon iomlán na ndearbhán, na gcártaí nó na n-ionstraimí eile arna n-eisiúint a thabhairt i gcomhréir le líon iomlán na ndearbhán, na gcártaí nó na n-ionstraimí eile arna seachadadh chuig na faighteoirí deiridh agus arna n-úsáid, bunaithe ar thaifid chuntasaíochta agus doiciméid tacaíochta atá i seilbh an údaráis deimhniúcháin, an údaráis bainistíochta, na gcomhlachtaí idirmheánacha agus na dtairbhithe;

(b) maidir leis na costais incháilithe a leagtar amach in Airteagal 26(2), pointe (a), beifear in ann na méideanna comhiomlána a dheimhneofar don Choimisiún a thabhairt i gcomhréir le luach na ndearbhán, na gcártaí nó na n-ionstraimí eile arna n-úsáid ag na faighteoirí deiridh;

(c) cuimseofar doiciméid a bhaineann le deonú dearbhán, cártaí nó ionstraimí eile do na faighteoirí deiridh, lena ndáileadh ar na faighteoirí deiridh agus lena n-úsáid.

Maidir le húsáid dearbhán, cártaí nó ionstraimí eile, léireoidh an rian iniúchóireachta go n-úsáidtear na dearbháin, na cártaí nó na hionstraimí eile chun bia nó cúnamh ábhartha bunúsach nó an dá rud a cheannach, agus chun na gcríoch sin amháin.

2. I gcás ina soláthrófar bia agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach do na daoine is díothaí trí dhearbháin, cártaí nó ionstraimí eile i bhformáid páipéir, áireofar an méid seo a leanas sa rian iniúchóireachta:

(a) bearta slándála a dhéanann an t-údarás bainistíochta, na comhlachtaí idirmheánacha agus na tairbhithe maidir le falsú a sheachaint;

(b) bearta chun an stoc dearbhán a chosaint;

(c) sainaithint ar na comhlachtaí a dhéanann na faighteoirí deiridh a shainaithint agus ar na comhlachtaí a dháileann na dearbháin, na cártaí agus na hionstraimí eile ar na faighteoirí deiridh;

(d) doiciméadacht lena ndeimhnítear go bhfuair na faighteoirí deiridh na dearbháin, na cártaí nó na hionstraimí eile.";

(2) Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I.

*Airteagal 2*

Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 1255/2014.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Samhain 2020.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

*"IARSCRÍBHINN I*

**Liosta na sonraí a thaifeadfar agus a stórálfar i bhfoirm ríomhairithe sa chóras faireacháin (dá dtagraítear in Airteagal 2)**

Teastaíonn sonraí maidir le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó OP I agus ó OP II ([1]) agus maidir le gach cineál seachadta mura sonraítear a mhalairt sa dara colún.

| Réimsí sonraí | Léiriú ar an gcineál OP nó ar an gcineál seachadta nach dteastaíonn sonraí maidir leis |
|---|---|
| **Sonraí maidir leis an tairbhí** ([1]) | |
| 1. Ainm nó aitheantóir uathúil gach tairbhí | |
| 2. Faisnéis maidir le cibé acu an comhlacht dlí poiblí nó an comhlacht dlí príobháideach atá sa tairbhí | |
| 3. Faisnéis maidir le cibé acu atá CBL ar chaiteachas arna thabhú ag an tairbhí neamh-inghnóthaithe de réir na reachtaíochta náisiúnta maidir le CBL nó nach bhfuil | |
| 4. Sonraí teagmhála an tairbhí | |
| **Sonraí maidir leis an oibríocht** | |
| 5. Ainm nó aitheantóir uathúil na hoibríochta | |
| 6. Tuairisc ghearr ar an oibríocht | |
| 7. An dáta a cuireadh an t-iarratas ar an oibríocht isteach | |
| 8. An dáta tosaigh mar a cuireadh in iúl é sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta | |
| 9. An dáta deiridh mar a cuireadh in iúl é sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta | |
| 10. An dáta iarbhír a mbeidh an oibríocht lánchríochnaithe go fisiceach nó curtha chun feidhme ina hiomláine | |
| 11. An comhlacht a eisíonn an doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta | |
| 12. Dáta an doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta | |
| 13. Airgeadra na hoibríochta | |
| 14. CCI an chláir nó na gclár faoina dtabharfar tacaíocht don oibríocht | |
| 15. An cineál nó na cineálacha cúnaimh ábhartha ar a dtabharfar aghaidh | Ní bhaineann sé le OP II |
| 16. An cineál nó na cineálacha gníomhaíochtaí a dtacaítear leo | Ní bhaineann sé le OP I |

([1]) Tagraíonn OP I do chláir oibríochtúla um bia nó/agus um chúnamh ábhartha agus tagraíonn OP II do chláir oibríochtúla um chuimsiú sóisialta na ndaoine is díothaí.

| | |
|---|---|
| 17. Cód nó cóid le haghaidh an chineáil maoinithe | |
| 18. Cód nó cóid le haghaidh an tsuímh | |
| 19. An chainníocht bia arna ceannach ag comhlacht poiblí nó ag eagraíocht comhpháirteach, i gcás inarb infheidhme | Ní bhaineann sé le OP II<br>Ní bhaineann sé le seachadadh indíreach bia, amhail trí dhearbháin, cártaí nó ionstraimí eile |
| 20. An chainníocht bia arna fáil ag comhlacht poiblí, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le hAirteagal 23(4) de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014, i gcás inarb infheidhme | Ní bhaineann sé le OP II<br>Ní bhaineann sé le seachadadh indíreach bia, amhail trí dhearbháin, cártaí nó ionstraimí eile |
| 21. An chainníocht bia arna seachadadh chuig eagraíochtaí comhpháirteacha, i gcás inarb infheidhme | Ní bhaineann sé le OP II<br>Ní bhaineann sé le seachadadh indíreach bia, amhail trí dhearbháin, cártaí nó ionstraimí eile |
| 22. An chainníocht bia arna seachadadh chuig faighteoirí deiridh, i gcás inarb infheidhme | Ní bhaineann sé le OP II<br>Ní bhaineann sé le seachadadh indíreach bia, amhail trí dhearbháin, cártaí nó ionstraimí eile |
| 23. An chainníocht cúnaimh ábhartha bhunúsaigh arna ceannach ag comhlacht poiblí nó ag eagraíocht comhpháirteach, i gcás inarb infheidhme | Ní bhaineann sé le OP II<br>Ní bhaineann sé le seachadadh indíreach bia, amhail trí dhearbháin, cártaí nó ionstraimí eile |
| 24. An chainníocht cúnaimh ábhartha bhunúsaigh arna seachadadh chuig eagraíochtaí comhpháirteacha, i gcás inarb infheidhme | Ní bhaineann sé le OP II<br>Ní bhaineann sé le seachadadh indíreach bia, amhail trí dhearbháin, cártaí nó ionstraimí eile |
| 25. An chainníocht cúnaimh ábhartha bhunúsaigh arna seachadadh chuig faighteoirí deiridh, i gcás inarb infheidhme | Ní bhaineann sé le OP II<br>Ní bhaineann sé le seachadadh indíreach bia, amhail trí dhearbháin, cártaí nó ionstraimí eile |
| 26. An líon dearbhán nó cártaí (nó ionstraimí eile chun cabhair a sheachadadh go hindíreach) arna n-eisiúint | Ní bhaineann sé le OP II<br>Ní bhaineann sé le seachadadh díreach bia agus/nó seachadadh díreach cúnaimh ábhartha bhunúsaigh |
| 27. An líon dearbhán nó cártaí (nó ionstraimí eile chun cabhair a sheachadadh go hindíreach) arna seachadadh chuig faighteoirí deiridh | Ní bhaineann sé le OP II<br>Ní bhaineann sé le seachadadh díreach bia agus/nó seachadadh díreach cúnaimh ábhartha bhunúsaigh |
| 28. An líon dearbhán nó cártaí (nó ionstraimí eile chun cabhair a sheachadadh go hindíreach) arna n-úsáid ag faighteoirí deiridh | Ní bhaineann sé le OP II<br>Ní bhaineann sé le seachadadh díreach bia agus/nó seachadadh díreach cúnaimh ábhartha bhunúsaigh |
| 29. Méid iomlán an chaiteachais arna luchtú ar dhearbhán nó cártaí (nó ionstraimí eile chun cabhair a sheachadadh go hindíreach) arna sheachadadh chuig faighteoirí deiridh | Ní bhaineann sé le OP II<br>Ní bhaineann sé le seachadadh díreach bia agus/nó seachadadh díreach cúnaimh ábhartha bhunúsaigh |
| 30. Méid iomlán an chaiteachais ar dhearbhán nó cártaí (nó ionstraimí eile chun cabhair a sheachadadh go hindíreach) arna úsáid ag faighteoirí deiridh | Ní bhaineann sé le OP II<br>Ní bhaineann sé le seachadadh díreach bia agus/nó seachadadh díreach cúnaimh ábhartha bhunúsaigh |

| | |
|---|---|
| **Sonraí maidir le táscairí** | |
| 31. Teideal na dtáscairí coiteanna is ábhartha maidir leis an oibríocht | |
| 32. Aitheantóir na dtáscairí coiteanna is ábhartha maidir leis an oibríocht | |
| 33. Leibhéal bainte amach na dtáscairí coiteanna le haghaidh gach bliain cur chun feidhme nó ag deireadh na hoibríochta | |
| 34. Teideal na dtáscairí clár-shonracha is ábhartha maidir leis an oibríocht | Ní bhaineann sé le OP I |
| 35. Aitheantóir na dtáscairí clár-shonracha is ábhartha maidir leis an oibríocht | Ní bhaineann sé le OP I |
| 36. Spriocanna sonracha maidir le táscairí aschuir clár-shonracha | Ní bhaineann sé le OP I |
| 37. Leibhéal bainte amach na dtáscairí aschuir clár-shonracha le haghaidh gach bliain cur chun feidhme nó ag deireadh na hoibríochta | Ní bhaineann sé le OP I |
| 38. Aonad tomhais le haghaidh gach sprioc aschuir | Ní bhaineann sé le OP I |
| 39. Bonnlíne le haghaidh táscairí torthaí | Ní bhaineann sé le OP I |
| 40. Spriocleibhéal le haghaidh táscairí torthaí | Ní bhaineann sé le OP I |
| 41. Aonad tomhais le haghaidh gach spriocthoraidh agus bonnlíne | Ní bhaineann sé le OP I |
| 42. Aonad tomhais le haghaidh gach táscaire | |
| **Sonraí airgeadais maidir le gach oibríocht (san airgeadra is infheidhme maidir leis an oibríocht)** | |
| 43. Méid chostas incháilithe iomlán na hoibríochta arna faomhadh sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta | |
| 44. Méid na gcostas incháilithe iomlán arb ionann iad agus an caiteachas poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(12) de Rialachán (AE) 223/2014 | |
| 45. Méid na tacaíochta poiblí, mar a leagtar amach sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta | |
| **Sonraí maidir le héilimh ar íocaíocht ón tairbhí (san airgeadra is infheidhme maidir leis an oibríocht)** | |
| 46. An dáta a fhaightear gach éileamh ar íocaíocht ón tairbhí | |
| 47. Dáta gach íocaíochta leis an tairbhí ar bhonn an éilimh ar íocaíocht | |
| 48. Méid an chaiteachais incháilithe san éileamh ar íocaíocht atá mar bhonn le gach íocaíocht leis an tairbhí | |
| 49. Méid an chaiteachais phoiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(12) de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a fhreagraíonn don chaiteachas incháilithe atá mar bhonn le gach íocaíocht | |

| | |
|---|---|
| 50. Méid gach íocaíochta leis an tairbhí ar bhonn an éilimh ar íocaíocht | |
| 51. Dáta tosaigh fíoruithe ar an láthair ar an oibríocht arna ndéanamh de bhun Airteagal 32(5)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 | |
| 52. Dáta iniúchtaí ar an láthair ar an oibríocht arna ndéanamh de bhun Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 agus Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 532/2014 ([2]) | |
| 53. An comhlacht a dhéanfaidh an t-iniúchadh nó an fíorú | |
| **Sonraí maidir le caiteachas in éileamh ar íocaíocht ón tairbhí bunaithe ar fhíorchostais (san airgeadra is infheidhme maidir leis an oibríocht)** | |
| 54. Caiteachas poiblí incháilithe arna dhearbhú don Choimisiún, arna bhunú ar bhonn na gcostas iarbhír arna dtabhú agus arna n-íoc | |
| 55. Caiteachas poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(12) de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a fhreagraíonn don chaiteachas poiblí incháilithe arna dhearbhú don Choimisiún, arna bhunú ar bhonn na gcostas iarbhír arna n-aisíoc agus arna n-íoc | |
| 56. An cineál conartha má tá dámhachtain an chonartha faoi réir fhorálacha Threoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) (soláthar seirbhísí/soláthar earraí) nó Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) | |
| 57. Méid an chonartha má tá dámhachtain an chonartha faoi réir fhorálacha Threoir 2004/18/CE nó Threoir 2014/23/AE | |
| 58. Caiteachas incháilithe arna thabhú agus arna íoc bunaithe ar chonradh má tá an conradh faoi réir fhorálacha Threoir 2004/18/CE nó Threoir 2014/23/AE | |
| 59. An nós imeachta soláthair arna úsáid má tá dámhachtain an chonartha faoi réir fhorálacha Threoir 2004/18/CE nó Threoir 2014/23/AE | |
| 60. Ainm nó aitheantóir uathúil an chonraitheora má tá dámhachtain an chonartha faoi réir fhorálacha Threoir 2014/23/AE | |
| **Sonraí maidir le caiteachas in éileamh ar íocaíocht ón tairbhí bunaithe ar scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid (méideanna san airgeadra is infheidhme maidir leis an oibríocht)** | |
| 61. Méid an chaiteachais phoiblí incháilithe arna dhearbhú don Choimisiún, arna bhunú ar bhonn scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid | |
| 62. Caiteachas poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(12) de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a fhreagraíonn don chaiteachas poiblí incháilithe arna dhearbhú don Choimisiún, arna bhunú ar bhonn scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid | |
| 63. Sainmhíniú ar aonad a úsáidfear chun críocha scála caighdeánach na gcostas aonaid | |
| 64. An líon aonad arna seachadadh mar a cuireadh in iúl san éileamh ar íocaíocht le haghaidh gach mír aonaid | |
| 65. Costas aonaid ar aonad amháin le haghaidh gach mír aonaid | |

**Sonraí maidir le caiteachas in éileamh ar íocaíocht ón tairbhí bunaithe ar íocaíochtaí cnapshuime (méideanna san airgeadra is infheidhme maidir leis an oibríocht)**

| | |
|---|---|
| 66. Méid an chaiteachais phoiblí incháilithe arna dhearbhú don Choimisiún, arna bhunú ar bhonn cnapshuimeanna | |
| 67. Caiteachas poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(12) de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a fhreagraíonn don chaiteachas poiblí incháilithe arna dhearbhú don Choimisiún, arna bhunú ar bhonn cnapshuimeanna | |
| 68. I gcás gach cnapshuime, táirgí insoláthartha (aschuir nó torthaí) arna gcomhaontú sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta mar bhonn le heisíoc na n-íocaíochtaí cnapshuime | |
| 69. I gcás gach cnapshuime, an méid arna chomhaontú sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta | |

**Sonraí maidir le caiteachas in éileamh ar íocaíocht ón tairbhí bunaithe ar rátaí comhréidhe (san airgeadra is infheidhme maidir leis an oibríocht)**

| | |
|---|---|
| 70. Méid an chaiteachais phoiblí incháilithe arna dhearbhú don Choimisiún, arna bhunú ar bhonn ráta comhréidh | |
| 71. Caiteachas poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(12) de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a fhreagraíonn don chaiteachas poiblí incháilithe arna dhearbhú don Choimisiún, arna bhunú ar bhonn ráta comhréidh | |

**Sonraí maidir le gnóthuithe ón tairbhí**

| | |
|---|---|
| 72. Dáta gach cinnidh gnóthaithe | |
| 73. Méid na tacaíochta poiblí a bhfuil tionchar ag gach cinneadh gnóthaithe air | |
| 74. Iomlán an chaiteachais incháilithe a bhfuil tionchar ag gach cinneadh gnóthaithe air | |
| 75. An dáta a fhaightear gach méid arna aisíoc ag an tairbhí tar éis cinneadh gnóthaithe | |
| 76. Méid na tacaíochta poiblí arna aisíoc ag an tairbhí tar éis cinneadh gnóthaithe (gan ús ná pionóis) | |
| 77. Iomlán an chaiteachais incháilithe a fhreagraíonn don tacaíocht poiblí, arna aisíoc ag an tairbhí | |
| 78. Méid na tacaíochta poiblí atá neamh-inghnóthaithe tar éis cinneadh gnóthaithe | |
| 79. An caiteachas incháilithe iomlán a fhreagraíonn do thacaíocht poiblí neamh-inghnóthaithe | |

| | |
|---|---|
| **Sonraí maidir le hiarratais ar íocaíocht arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin (in EUR)** | |
| 80. An dáta a chuirtear gach iarratas ar íocaíocht isteach lena n-airítear caiteachas incháilithe a bhaineann leis an oibríocht | |
| 81. Méid iomlán an chaiteachais incháilithe phoiblí arna thabhú ag an tairbhí agus arna íoc i gcur chun feidhme na hoibríochta arna chur san áireamh i ngach iarratas ar íocaíocht | |
| 82. Méid iomlán an chaiteachais phoiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(12) de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 den oibríocht arna chur sa áireamh i ngach iarratas ar íocaíocht | |
| **Sonraí maidir le cuntais arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin faoi Airteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 (in EUR)** | |
| 83. An dáta a chuirtear isteach gach sraith cuntas lena n-airítear caiteachas faoin oibríocht | |
| 84. An dáta a chuirtear isteach na cuntais ina gcuirtear caiteachas deiridh na hoibríochta san áireamh tar éis an oibríocht a bheith curtha i gcrích (i gcás ina bhfuil méid iomlán an chaiteachais incháilithe cothrom le EUR 1 000 000 nó níos mó (Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014)) | |
| 85. Méid iomlán chaiteachas incháilithe poiblí na hoibríochta arna iontráil i gcórais chuntasaíochta an údaráis deimhniúcháin a cuireadh san áireamh sna cuntais | |
| 86. Méid iomlán an chaiteachais phoiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(12) de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 arna thabhú i gcur chun feidhme na hoibríochta a fhreagraíonn do mhéid iomlán an chaiteachais incháilithe phoiblí arna iontráil i gcórais chuntasaíochta an údaráis deimhniúcháin a cuireadh san áireamh sna cuntais | |
| 87. Méid iomlán na n-íocaíochtaí leis an tairbhí faoi Airteagal 42(2) de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a fhreagraíonn do mhéid iomlán an chaiteachais incháilithe phoiblí arna iontráil i gcórais chuntasaíochta an údaráis deimhniúcháin a cuireadh san áireamh sna cuntais | |
| 88. Méid iomlán chaiteachas incháilithe poiblí na hoibríochta a aistarraingíodh le linn na bliana cuntasaíochta arna chur san áireamh sna cuntais | |
| 89. Iomlán an chaiteachais phoiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(12) de Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a fhreagraíonn don chaiteachas incháilithe poiblí a aistarraingíodh le linn na bliana cuntasaíochta arna chur san áireamh sna cuntais | |
| 90. Iomlán chaiteachas incháilithe poiblí na hoibríochta a gnóthaíodh le linn na bliana cuntasaíochta arna chur san áireamh sna cuntais | |
| 91. Iomlán an chaiteachais phoiblí a fhreagraíonn d'iomlán chaiteachas incháilithe poiblí na hoibríochta a gnóthaíodh le linn na bliana cuntasaíochta arna chur san áireamh sna cuntais | |
| 92. Iomlán chaiteachas incháilithe poiblí na hoibríochta a ghnóthófar amhail ag deireadh na bliana cuntasaíochta arna chur san áireamh sna cuntais | |

| | |
|---|---|
| 93. Iomlán chaiteachas poiblí na hoibríochta a fhreagraíonn d'iomlán an chaiteachais incháilithe phoiblí a ghnóthófar amhail ag deireadh na bliana cuntasaíochta arna chur san áireamh sna cuntais | |
| 94. Méid iomlán incháilithe chaiteachas poiblí na hoibríochta a bheidh neamh-inghnóthaithe amhail ag deireadh na bliana cuntasaíochta arna chur san áireamh sna cuntais | |
| 95. Iomlán chaiteachas poiblí na hoibríochta a fhreagraíonn do mhéid iomlán incháilithe an chaiteachais phoiblí a bheidh neamh-inghnóthaithe amhail ag deireadh na bliana cuntasaíochta arna chur san áireamh sna cuntais" | |

(1) Áireofar le tairbhí, i gcás inarb iomchuí, comhlachtaí eile a thabhaíonn caiteachas faoin oibríocht a gcaitear leis mar chaiteachas arna thabhú ag an tairbhí.

(2) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 532/2014 ón gCoimisiún an 13 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (IO L 148, 20.5.2014, lgh. 54-69).

(3) Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú (IO L 134, 30.4.2004, lch. 114).

(4) Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

*IARSCRÍBHINN II*

*"IARSCRÍBHINN*

## TÁSCAIRÍ COITEANNA LE hAGHAIDH OP I AGUS OP II

### Táscairí ionchuir

(1) Méid iomlán an chaiteachais phoiblí incháilithe arna fhormheas sna doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht oibríochtaí.

(2) Méid iomlán an chaiteachais phoiblí incháilithe arna thabhú ag tairbhithe agus arna íoc in oibríochtaí cur chun feidhme.

Den mhéid sin, i gcás inarb ábhartha:

(a) méid iomlán an chaiteachais incháilithe phoiblí arna thabhú ag tairbhithe agus arna íoc in oibríochtaí cur chun feidhme a bhaineann le bia arna sholáthar go díreach do na daoine is díothaí

(b) méid iomlán an chaiteachais phoiblí incháilithe arna thabhú ag tairbhithe agus arna íoc in oibríochtaí cur chun feidhme a bhaineann le cúnamh ábhartha bunúsach arna sholáthar go díreach do na daoine is díothaí

(c) Méid iomlán an chaiteachais incháilithe phoiblí arna thabhú ag tairbhithe agus arna íoc in oibríochtaí cur chun feidhme a bhaineann le bia agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach arna sholáthar go hindíreach do na daoine is díothaí, amhail trí dhearbhháin, cártaí nó ionstraimí eile.

(3) Méid iomlán an chaiteachais phoiblí incháilithe arna dhearbhú don Choimisiún.

Sloinnfear na sonraí sin in euro.

## TÁSCAIRÍ COITEANNA LE hAGHAIDH OP I MAIDIR LE TACAÍOCHT ARNA SOLÁTHAR GO DÍREACH DO NA DAOINE IS DÍOTHAÍ

### Táscairí aschuir maidir le tacaíocht bia dháilte [1]

(4) Cainníocht torthaí agus glasraí.

(5) Cainníocht feola, uibheacha, éisc, bia mara.

(6) Cainníocht plúir, aráin, prátaí, ríse agus táirgí stáirse eile.

(7) Cainníocht siúcra.

(8) Cainníocht táirgí bainne.

(9) Cainníocht saillte, ola.

(10) Cainníocht bia áisiúlachta, earraí bia eile (nach dtagann faoi na catagóirí thuasluaite).

(11) Luach iomlán na tacaíochta bia dáilte.

Den mhéid sin:

(a) an sciar den bhia nár íocadh ach a iompar, a dháileadh agus a stóráil leis an OP ábhartha (in %);

(b) sciar de tháirgí bia cómhaoinithe FEAD sa mhéid iomlán bia arna dháileadh ag na heagraíochtaí comhpháirteacha (in %) [2].

(12) An líon iomlán béilí dáilte arna maoiniú i bpáirt nó ina iomláine ag an OP ábhartha [3].

(13) An líon iomlán pacáistí bia dáilte arna maoiniú i bpáirt nó ina iomláine ag an OP ábhartha [4].

**Táscairí torthaí maidir le tacaíocht bhia dháilte** ([5])

(14) An líon iomlán daoine a fhaigheann tacaíocht bhia.

Den mhéid sin:

(a) an líon leanaí atá 15 bliana d'aois nó faoina bhun;

(b) an líon daoine atá 65 bliana d'aois nó os a chionn;

(c) an líon ban;

(d) an líon imirceach, an líon daoine de chúlra iasachta, an líon mionlach (lena n-áirítear pobail imeallaithe amhail na Romaigh);

(e) an líon daoine atá faoi mhíchumas;

(f) an líon daoine gan dídean.

**Táscairí aschuir maidir le cúnamh ábhartha bunúsach dáilte**

(15) Luach airgeadaíochta iomlán na n-earraí dáilte.

Den mhéid sin:

(a) luach airgid iomlán na n-earraí le haghaidh páistí;

(b) luach airgid iomlán na n-earraí le haghaidh daoine gan dídean;

(c) luach airgid iomlán na n-earraí le haghaidh spriocghrúpaí eile.

(16) Liosta na gcatagóirí is ábhartha d'earraí dáilte chuig leanaí ([6]):

(a) feisteas linbh;

(b) málaí scoile;

(c) stáiseanóireacht, cóipleabhair, pinn, trealamh péintéireachta agus trealamh eile is gá ar scoil (seachas éadaí);

(d) trealamh spóirt (bróga spóirt, léatar, culaith shnámha, etc.);

(e) éadaí (cóta geimhridh, coisbheart, éide scoile, etc.);

(f) catagóir eile – le sonrú

(17) Liosta na gcatagóirí is ábhartha d'earraí dáilte chuig daoine gan dídean ([6]):

(a) málaí codlata/pluideanna;

(b) trealamh cistine (potaí, pannaí, sceanra, etc.);

(c) éadaí (cóta geimhridh, coisbheart, etc.);

(d) línéadach tí (tuáillí, éadaí leapa);

(e) earraí sláinteachais (fearas garchabhrach, gallúnach, scuab fiacla, rásúr aon-uaire, etc.);

(f) catagóir eile – le sonrú.

(18) Liosta na gcatagóirí is ábhartha d'earraí dáilte chuig spriocghrúpaí eile ([6]):

(a) catagóirí le sonrú.

**Táscairí torthaí maidir le cúnamh ábhartha bunúsach dáilte** ([5])

(19) An líon iomlán daoine a fhaigheann tacaíocht bhia.

Den mhéid sin:

(a) an líon leanaí atá 15 bliana d'aois nó faoina bhun;

(b) an líon daoine atá 65 bliana d'aois nó os a chionn;

(c) an líon ban;

(d) an líon imirceach, an líon daoine de chúlra iasachta, an líon mionlach (lena n-áirítear pobail imeallaithe amhail na Romaigh);

(e) an líon daoine atá faoi mhíchumas;

(f) an líon daoine gan dídean.

**TÁSCAIRÍ COITEANNA LE hAGHAIDH OP I MAIDIR LE TACAÍOCHT ARNA SOLÁTHAR GO hINDÍREACH DO NA DAOINE IS DÍOTHAÍ, AMHAIL TRÍ DHEARBHÁIN, CÁRTAÍ NÓ IONSTRAIMÍ EILE**

**Táscairí torthaí maidir le tacaíocht arna dáileadh trí dhearbháin leictreonacha, cártaí nó ionstraimí eile chun cabhair a sheachadadh go hindíreach** ([5])

(19bis) An líon iomlán daoine a fhaigheann tacaíocht trí dhearbháin, cártaí nó ionstraimí eile chun cabhair a sheachadadh go hindíreach

Den mhéid sin:

(a) an líon leanaí atá 15 bliana d'aois nó faoina bhun;

(b) an líon daoine atá 65 bliana d'aois nó os a chionn;

(c) an líon ban;

(d) *an líon imirceach, an líon daoine de chúlra iasachta, an líon mionlach (lena n-áirítear pobail imeallaithe amhail na Romaigh);*

(e) an líon daoine atá faoi mhíchumas;

(f) an líon daoine gan dídean.

**TÁSCAIRÍ COITEANNA LE hAGHAIDH OP II**

**Táscairí aschuir maidir le cúnamh um chuimsiú sóisialta**

(20) An líon iomlán daoine a fhaigheann cúnamh um chuimsiú sóisialta.

Den mhéid sin:

(a) an líon leanaí atá 15 bliana d'aois nó faoina bhun;

(b) an líon daoine atá 65 bliana d'aois nó os a chionn;

(c) an líon ban;

(d) an líon imirceach, an líon daoine de chúlra iasachta, an líon mionlach (lena n-áirítear pobail imeallaithe amhail na Romaigh);

(e) an líon daoine atá faoi mhíchumas;

(f) an líon daoine gan dídean.

Is sonraí pearsanta iad na sonraí maidir le OP II de réir Airteagal 7 de Threoir 95/46/CE. Tá sé riachtanach iad a phróiseáil chun an oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialtóir faoina réir a chomhlíonadh (Airteagal 7(c) de Threoir 95/46/CE). Chun sainmhíniú a fháil ar rialtóir, féach Airteagal 2 de Threoir 95/46/CE."

---

([1]) Áirítear i dtáscairí (4) go (11) aon fhoirm de na táirgí seo, e.g. bia-ábhar úr, stánaithe agus reoite, agus ba cheart iad a shloinneadh i dtonnaí.

([2]) Is ar bhonn meastachán feasaigh ó na heagraíochtaí comhpháirteacha a chinnfear luachanna an táscaire sin.

([3]) An sainmhíniú ar an méid a thuigfear le 'béile', is féidir é a sholáthar ar leibhéal na heagraíochta comhpháirtí/na hoibríochta/an údaráis bainistíochta. Is le measúnú ó na heagraíochtaí comhpháirteacha a chinnfear luachanna an táscaire sin.

([4]) An sainmhíniú ar an méid a thuigfear le 'pacáiste bia', is féidir é a sholáthar ar leibhéal na heagraíochta comhpháirtí/na hoibríochta/an údaráis bainistíochta. Ní gá méid ná inneachar na bpacáistí a chaighdeánú. Is le measúnú ó na heagraíochtaí comhpháirteacha a chinnfear luachanna an táscaire sin.

([5]) Is ar bhonn meastachán feasaigh ó na heagraíochtaí comhpháirteacha a chinnfear luachanna na dtáscairí sin. Níl coinne leis go mbeadh na táscairí bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag na faighteoirí deiridh ná ní cheanglaítear é sin.

([6]) Áireofar sa liosta gach catagóir ábhartha lena gcumhdaítear 75 % ar a laghad de na hearraí dáilte.